AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

## SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉARACHTA, 2001

# EALAÍN -

# STAIR AGUS LÉIRTHUISCINT NA hEALAÍNE

## GNÁTHLEIBHÉAL

LUAN, 18 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 pm go dtí 4.30 pm

---

Tá 150 marc ag dul don pháipéar seo.

### TREORACHA

(a) Scríobh an oiread agus is féidir leat faoi **thrí cheist**. Ba chóir **ceist amháin** a roghnú as rannóg I, **ceist amháin** a roghnú as rannóg II agus **ceist amháin** a roghnú as rannóg III.

(b) Is ionann na marcanna do gach ceist (50).

(c) Is gá **sceitsí agus léaráidí** a úsáid cibé áit ar féidir chun do chuid pointí a léiriú.

(d) Déan tagairt do **na léaráidí atá ar an mbileog faoi iamh** de réir mar is gá.

# RANNÓG I — AN EALAÍN IN ÉIRINN

**1.** Féach go mion ar **an léaráid atá ar an mbileaog faoi iamh** den **leac dorais an tuama ag Sí an Bhrú**. Déan sceitse de na patrúin éagsúla a fheiceann tú agus ainmnigh iad.

Déan gearr chur síos ar thuamaí meigiliteacha.

B'fhéidir go gcuideoidh na ceannteidil seo a leanas leat:

- feidhm
- ábhair
- dearadh
- maisiú

*Léirigh do fhreagra*

**2.** Déan staidéar ar an léaráid atá ar an mbileaog faoi iamh de **(a) Ardchros Áth Eine, Co. Thiobraid Árann** agus **(b) Cros Mhuirígh, Mainistir Baoite, Co. Lú.**

Déan cur síos agus léirigh **trí chosúlacht** agus **trí éagsúlacht** atá eadartha sa dearadh agus sa mhaisiú.

Scríobh gearr thuairisc ar na hArdchrosa.

**3.** Déan plé ar **mhainistir** amháin agus ar **chloigtheach** amháin de chuid an luathré chríostaí in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

B'fhéidir go gcuideoidh na ceannteidil seo a leanas leat:

- eolas cúlráide
- cur síos ginearálta
- plean agus leagann amach
- modh tógála agus obair chloiche

*Léirigh do fhreagra*

**4.** Meastar **an Casino Marino i mBaile Átha Cliath** a bheith ar cheann de na foirgnimh is foirfe den Ailtireacht Sheoirseach.

Déan an ráiteas seo a phlé agus scríobh gach a bhfuil ar eolas agat faoin bhfoirgneamh. B'fhéidir go gcuideoidh na ceannteidil seo a leanas leat:

- eolas cúlráide
- ailtire
- plean agus ingearchló foirgnimh
- maisiú

*Léirigh do fhreagra*

**5.** Bhí cónaí ar **Roderic O'Conor** (1860-1940) sa Fhrainc ar feadh na mblianta. Pictiúr samplach de thréimhse amháin dá shaothair ealaíne is ea an pictiúr ***Tírdhreach Buí, Pont-Aven*.** Déan plé ar an bpictiúr seo, agus tagairt á dhéanamh agat don ceapachán, dath agus obair scuaibe.

Luaigh an tionchar a bhí ag sár-ealaíontóir eile ar shaothar O'Conor?

Déan tagairt don **léaráid atá faoi iamh** agus an cheist á fhreagairt agat.

**6.** Déan cur síos agus plé ar shaothar **dhuine amháin** de na healaíontóirí seo a leanas:

**Tony O'Malley**
**Kathy Prendergast**
**Edward Delaney**

Déan mion chur síos ar shaothar amháin ar a laghad a thaithníonn leat de chuid do rogha ealaíontóra.

***nó***

Déan cur síos agus plé ar dhealbhóireacht **John Behan** nó **Vivienne Roche** nó **Rowan Gillespie** nó dealbhóir eile de chuid na haimsire seo.

*Léirigh do fhreagra*

# RANNÓG II — EALAÍN EORPACH (1000 AD go dtí inniu)

**7.** Bain úsáid as na **léaráidí atá faoi iamh** mar chabhair le **comparáid a dhéanamh idir an taobh istigh d'eaglais Rómhánúil agus d'ardeaglais Ghotach.** Déan cur síos agus plé ar thrí éagsúlacht ar a laghad atá eadartha. B'fhéidir go gcuideoidh na ceannteidil seo a leanas leat:

- cuma ghinearálta
- Teicnící tógála
- Maisiú

*Léirigh do fhreagra*

**8.** Ceann de na saothair is iomráití de chuid Giotto is ea an **An Tógáil Anuas den Chros** a phéinteáil sé ar an mballa in eaglais Phadóva san Iodáil. Tá sé lán de ghluaiseacht agus san am chéanna cuireann sé mórbhrón na hócáide in iúl.

**(a)** Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt á dhéanamh agat **don léaráid atá faoi iamh** agus **(b)** scríobh gearrthuairisc ghinearálta ar shaothair Ghiotto. B'fhéidir go gcuideoidh na ceannteidil seo a leanas leat:

- Na hathruithe a rinne Giotto
- ceapachán
- peirspictíocht
- geáitse
- dreacha chun mothúcháin a chur in iúl

*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Bhí cáil ar **Albrecht Durer** (1471-1528) san am ar mhair sé mar fhear léinn, mar phriontóir agus mar phéintéir. Thaisteal sé ar fud na hIodáile le heolas a chur ar Renaissance na hIodáile. Cén tionchar a bhí aige seo ar a chuid saothar?

Pléigh an **féinphortráid** dá chuid atá le feiceáil ar an **léaráid faoi iamh**. Cad a insíonn an pictiúr seo dúinn faoin ealaíontóir, dar leat? B'fhéidir go gcuideoidh na ceannteidil seo a leanas leat:

- staidiúir/dreacha chun mothúcháin a chur in iúl
- éadaí
- radharc tríd an fhuinneog
- an scríbhneoireacht ar an mballa
- a lámha
- teicnící a úsáideann sé

**10.** Roghnaigh **dhá shaothar ealaíne le Michelangelo** a thaitníonn leat agus déan iad a phlé ag tagairt do na ceannteidil seo a leanas.

- teidil na saothair agus an áit ina bhfuil siad le feiceáil
- meán ealaíne a úsáideadh
- ceapachán
- Na fáthanna a bhí agat agus na saothair ealaíona seo á roghnú agat.

*Léirigh do fhreagra*

**11.** B'é a **gháirdín féin i Giverny** an príomh fhoinse inspioráide a bhí ag **Monet** i ndeireadh a shaoil.

(a) Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt á dhéanamh agat do chuid dá shaothair ón tréimhse sin.
(b) Scríobh gearr thuairisc ar an Impriseanachas.
(c) Aimnigh ealaíontóir eile ón dtréimhse seo agus pléigh a c(h)uid saothair ealaíona.

*Léirigh do fhreagra*

**12.** **'Griangrafanna brionglóideacha lámhphéinteáilte'** a dúirt **Salvador Dali** a bhí ina shaothair ealaíona. Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt á dhéanamh agat don léaráid atá faoi iamh dá phéintéireacht **Seasmhacht na Cuimhne**.

Bain úsáid as **an léaráid atá faoi iamh** agus na ceannteidil seo a leanas leis an gceist a fhreagairt:

- ábhar
- ceapachán
- dath
- obair scuaibe

*Léirigh do fhreagra*

**13.** Déan cur síos agus plé ar cheann amháin acu seo a leanas:

(a) **Eaglais an Teaghlaigh Naofa, Barcelona,** nó foirgneamh eile ar bith de chuid Antonio Guadi.
(b) **Ionad Phompidou i bPáras,** dearrtha ag Renzo Piano agus Richard Rogers.
(c) **An Phirimid sa Louvre, i bPáras,** dearrtha ag I.M. Pei.
(d) **Cruinneachán an Míle Bliain, i Londain,** dearrtha ag R. Roberts.

*Léirigh do fhreagra.*

# RANNÓG III — LÉIRTHUISCINT

**14.** Bainimíd úsáid as **málaí** don uile shórt agus don uile thomhais le rudaí a iompar ó áit go háit. Déan plé ar na príomh rudaí gur gá a chur san áireamh agus na málaí seo a leanas á dhearadh:

(a) málaí iompair do shiopaí éadaigh.
(b) málaí d'fhearas spóirt.
(c) málaí do tháirgí feirme agus gáirdín.
(d) málaí do shiopadóireacht ollmhargadh.
(e) málaí d'uirlisí ceoil.

Déan tagairt d'fheidhm, d'ábhair, do dhéantús, do stóráil agus do thréithe dearaidh.

*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Tá **teicnící taispeántais** riachtanach le go n-éireoidh le haon taispeántas. Déan cur síos agus plé ar an **leagann amach** agus ar na **teicnící** a úsáideadh le taispeántas atá feicthe agat le déanaí a **chur chun cinn.** Deán tagairt i do fhreagra do ar a laghad cúig theicníc taispeántais agus fógraíochta.

*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Iarradh ort **athdhearradh a dhéanamh ar an gclós páirceála i do scoil** le feabhas a chur ar na háiseanna atá ann do rothair, do charranna agus do ghluaisrothair. Ba chóir go gcuirfeadh do dhearadh leis an timpeallacht ó thaobh amharc de trí chrainn, bláthanna agus suíocháin a chur san áireamh.

- Cad iad na rudaí is tábhachtaí, go praiticiúla agus go radharcach gur gá a chur san áireamh? Déan iad a liostáil agus a phlé.
- Cad iad na scileanna agus na teicnící dearaidh a d'úsáidfeá agus tú ag tabhairt faoin tionscnamh dearaidh seo?

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Is cuid dílis de shaol lucht leanúna an cheoil an **fís-scannán ceoil.**

(a) Cén fáth go bhfuil fís-scannáin tábhachtach i gcur chun cinn albaim, dar leat?
(b) Cad iad príomh thréithe fís-scannán mhaith, dar leat?
(c) Cén fáth go bhfuil déantús fís-scannán éagsúil ó dhéantús saghasanna eile scannána?
(d) Déan cur síos ar dhá theicníc éagsúil scannánaíochta a mbaintear úsáid astu sa fís-scannán is fearr leat féin.

*Léirigh do fhreagra*

**18.** Nuair a lasaimíd ár ríomhairí feicimíd an spárálaí scáileáin.

(a) Déan cur síos agus meastóireacht ar an **spárálaí scáileáin** is fearr leat.
(b) Cad í feidhm an spárálaí scáileáin?

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Ráiteas faisin gach pioc chomh tábhachtach leis na héadaí a caitear is ea **stíleanna ghruaige**. Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt á dhéanamh agat d'fhaisean na bhfear agus na mban. Déan plé id' fhreagra ar thrí eilimint radharcach atá riachtanach le stíl ghruaige a chruthú.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Gach lá feicimíd tithe nua á dtógáil le taobh bóithre tuaithe agus feicimíd ár mbailte ag leathadh amach sa tuath.

(a) Déan an ráiteas seo a phlé faoi na ceannteidil seo a leanas
- polasaí pleanála
- bealaí eile le lóistín/tithíocht a chur ar fáil do dhaoine
- an dearadh a bhíonn ar thithe
- ceisteanna timpeallachta

(b) Déan staidéar ar an **léaráid atá faoi iamh** de **shuíomh tí** agus plé trí phointe gur chóir a chur san áireamh agus teach á dhearadh don suíomh seo.

*Léirigh do fhreagra.*

***LEATHANACH BÁN***